AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 224 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Slóivéine

{SWD(2025) 224 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Slóivéine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh

[1] IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais[2] sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an tSlóivéin caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 30 Aibreán 2021, chuir an tSlóivéin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an

---

[2] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

[4] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 20 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine[5] a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 16 Deireadh Fómhair 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[6]. Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an tSlóivéin. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Slóivéine[7]. Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuireann sé i láthair coigeartú fioscach thar 4 bliana.

(6) An 26 Samhain 2024 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Slóivéine 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an tSlóivéin ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[8] an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha

---

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 20 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine (10612/21).

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 20 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine (13615/1/23).

7 Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http:// data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

8 Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http:// data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach, fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta , agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme . Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 don tSlóivéin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an tSlóivéin thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an tSlóivéin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Slóivéine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(11) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Slóivéine: 5,6 % in 2025, 4,4 % in 2026, 4,1 % in 2027, agus 4,0 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 12,1 % in 2025, 17,0 % in 2026, 21,8 % in 2027, agus 26,6 % in 2028. An 28 Aibreán 2025, chuir an tSlóivéin a Tuarascáil Bhliantúil ar

Dhul Chun Cinn[9] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Slóivéine i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin. Tar éis iarraidh a fháil ón tSlóivéin an 29 Aibreán 2025, an [dáta], agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena gceadaítear don tSlóivéin imeacht ó uasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus iad a shárú[10].

(13) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat[11], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Slóivéine ó 2,6 % de OTI in 2023 go 0,9 % in 2024, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 68,4 % de OTI ag deireadh 2023 go 67,0 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 4,5 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, measann an tSlóivéin gurb é 4,5 % an fás glanchaiteachais in 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[12], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach chrapthach ann in 2024, mar atá 1,1 % de OTI .

(14) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Slóivéine, tá coinne le fás fíor-OTI 2,1 % in 2025 agus 2,4 % in 2026, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 2,3 % ann in 2025 agus 2,3 % in 2026. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 2,0 % in 2025 agus faoi 2,4 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,1 % ann in 2025 agus 1,9 % in 2026.

(15) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh méadú ar an mbarrachas rialtais ghinearálta go 1,9 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le laghdú go 66,0 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 5,3 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 1,3 % de OTI ann in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025

---

9 Tá na Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025 le fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga

10 Moladh ón gComhairle lena gceadaítear don tSlóivéin imeacht ón gconair ghlanchaiteachais mholta agus í a shárú (Gníomhachtú an chlásail éalaithe náisiúnta), [Líon isteach: IO C/2025/xxx, x.x.2025].

11 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

12 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

ioncam maoine níos ísle agus luach saothair fostaithe níos airde ó tharla gur tugadh isteach de réir a chéile an t-athchóiriú pá san earnáil phoiblí. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 4,6 % in 2025. Na réamh-mheastacháin níos ísle sin ar fhás glanchaiteachais ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn agus an difríocht idir comhardú rialtais ghinearálta atá réamh-mheasta ag an gCoimisiún agus ag an tSlóivéin, den chuid is mó, is é is cúis leo réamh-mheastachán níos ísle ar ollfhoirmiú caipitil sheasta agus measúnú éagsúil ar bhearta lánroghnacha ioncaim. Ina theannta sin, réamh-mheasann an Coimisiún go mbeidh ioncam níos airde ann ó chánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí agus ó ranníocaíochtaí sóisialta lena mínítear a thuilleadh an difríocht idir comhardú rialtais ghinearálta mar atá réamh-mheasta ag an gCoimisiún agus ag an tSlóivéin. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 0,3 % de OTI. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh laghdú go 65,5 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas 0,9 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,3 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Slóivéine.

(17) D'fhan caiteachas cosanta rialtais ghinearálta sa tSlóivéin cobhsaí ag 1,2 % de OTI idir 2021 agus 2023[13]. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go gcaithfear 1,4 % de OTI in 2024 agus 1,6 % de OTI in 2025 ar an gcosaint. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,4 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an tSlóivéin ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

(18) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachais sa tSlóivéin faoi 4,6 % in 2025 agus gur fás carnach 9,3 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh glanfhás caiteachais na Slóivéine in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a mholtar, go bliantúil agus nuair a chuirtear 2024 agus 2025 araon san áireamh.

(19) Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2025 sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta 1,5 % de OTI in 2026. Is éard a léirítear go príomha leis an méadú ar an easnamh in 2026 luach saothair fostaithe níos airde. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 7,0 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go

[13] Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2026, mar atá 0,8 % de OTI. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh laghdú go 63,8 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026.

Príomhdhúshláin bheartais

(20) Cé go bhfuil cóimheas cánach-OTI na Slóivéine fós faoi bhun mheán an Aontais, níl a comhdhéanamh rófhabhrach don fhás. Tá an réim chánach ioncaim phearsanta is airde agus an ding chánach saothair[14] do dhuine aonair do leibhéil éagsúla ioncaim fós i measc na gceann is airde san Aontas. An tráth céanna, tá cánacha maoine, lena n-áirítear cánacha athfhillteacha maoine, fós an-íseal, agus sciar faoi bhun leath mheán an Aontais acu. Dá laghdófaí an ding chánach saothair, laghdófaí costais saothair, chuirfí borradh faoin éileamh ar shaothar agus chuirfí feabhas ar an iomaíochas. Thairis sin, d'fhéadfadh glanphá níos airde soláthar lucht saothair a mhéadú. Cé go bhfuil an sciar den ioncam ó cháin chomhshaoil os cionn mheán an Aontais, d'fhéadfaí an córas cánach a úsáid chun cuspóirí glasa a chur chun cinn a thuilleadh, lena n-áirítear tríd an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' a chur i bhfeidhm.

(21) Tuartar go dtiocfaidh méadú mór ar chostais aosaithe sa tSlóivéin, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méaduithe ar chaiteachas ar chúram sláinte, ar chúram fadtéarmach agus ar chórais na bpinsean sna blianta amach romhainn. Tá roinnt beart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta cheana féin chun tacú le hinbhuanaitheacht fhioscach na gcóras sin agus is féidir a mheas gur feabhas mór é clásal athbhreithnithe a thabhairt isteach san Acht um Chúram Fadtéarmach. Taobh amuigh den phlean, áfach, bheadh sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar chaiteachas chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach na cosanta sóisialta a áirithiú toisc nach bhfuil go leor gnéithe de na córais thuas tugtha chun críche go fóill agus toisc go mbíonn an timpeallacht eacnamaíoch ag síorathrú. Aithnítear athbhreithnithe caiteachais mar uirlis úsáideach chun réimsí tosaíochta níos ísle nó neamhéifeachtúla a shainaithint agus d'fhéadfaí an coigilteas a dhéantar mar thoradh orthu sin a ath-leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhioscacha nua sa chosaint, agus ar na claochluithe digiteacha agus glasa agus chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh ina gcaithfear caiteachas a choinneáil ar leibhéal níos airde.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Slóivéine leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh an tSlóivéin dlús le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha. Tá

[14] Sainmhínítear an ding chánach mar shuim na gcánacha ioncaim phearsanta agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta fostaithe agus fostóirí glan ó liúntais teaghlaigh, arna sloinneadh mar chéatadán de na costais saothair iomlána.

infheistíochtaí comhchruinnithe go mór i dtreo dheireadh na tréimhse cur chun feidhme, rud a d'fhéadfadh dúshláin shuntasacha acmhainneachta a chruthú ar leibhéil éagsúla. Dá bhrí sin, is ceart aird ar leith a thabhairt air sin. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(23) Sa tSlóivéin, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an tSlóivéin ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Ag an am céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an tSlóivéin, lena n-áirítear an gá atá le hiomaíochas a fheabhsú trí dhíriú ar an nuálaíocht, trí theicneolaíochtaí criticiúla a fhorbairt agus a mhonarú, chomh maith le dúshláin a bhaineann leis an aistriú fuinnimh, athléimneacht uisce agus tithíocht. Is nithe iad sin atá ábhartha go háirithe do lárionaid uirbeacha agus do limistéir ina bhfuil ardturasóireacht, ganntanas agus neamhréir scileanna, lena n-áirítear i ndáil le scileanna digiteacha agus glasa, lánpháirtiú oibrithe imirceacha agus grúpaí leochaileacha sa mhargadh saothair, dí-institiúidiú agus forbairt seirbhísí sóisialta pobalbhunaithe atá ar ardchaighdeán, leordhóthanach agus inacmhainne. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an tSlóivéin – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025[15], cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leis freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh.

(24) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an tSlóivéin na tionscnaimh sin a úsáid chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(25) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an tSlóivéin a bhaineann le hearnáil an fhuinnimh, iompar

15 Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

inbhuanaithe, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus an comhshaol, an timpeallacht ghnó, iomaíochas agus ganntanais lucht saothair.

(26) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla uile iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a chur ar fáil agus dlús a chur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: 25 % ar a laghad, agus 35 % ar a laghad i gcás FBManna; agus tá uirlisí nua cruthaithe aige chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun teacht leis an uaillmhian sin, ní mór don tSlóivéin beart a dhéanamh freisin. Measann 67 % de ghnólachtaí gur fadhb í castacht na nósanna imeachta riaracháin dá gcuideachta agus iad i mbun gnó sa tSlóivéin[16]. Tá constaicí rialála in earnálacha áirithe fós níos airde ná mar atá sa chuid eile den Aontas. Dá laghdófaí bacainní rialála in earnáil na seirbhísí gairmiúla, bheadh sé níos éasca dul isteach san earnáil sin agus d'fhéadfadh sé feabhas a chur ar cháilíocht agus praghsanna a ísliú chomh maith le cuidiú le spriocanna simplithe an Aontais a bhaint amach. Go háirithe, déantar rialáil níos déine ar ghairm an dlí ná mar a dhéantar i dtíortha eile den Aontas. Ó tharla go meastar go leanfaidh den teannas sa mhargadh saothair de réir mar a théann an daonra in aois, bíonn tionchar diúltach ag srianta sna gairmeacha sin ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus féadfaidh siad srian a chur leis an bhfás san fhadtéarma. Tá an tSlóivéin ar cheann de na Ballstáit is sriantaí maidir le trádáil i seirbhísí bunaithe ar innéacs sriantachta trádála ECFE.

(27) Tá dinimiceas gnó na Slóivéine lagaithe le blianta beaga anuas. Tá sé tábhachtach cuideachtaí nua a chruthú, agus cuideachtaí neamhéifeachtúla a fhoirceannadh, ionas gur féidir acmhainní a ath-leithdháileadh go héifeachtúil ar úsáidí níos táirgiúla agus ar tháirgí agus seirbhísí níos nuálaí. Go dtí 2020, bhí líon na gcuideachtaí a tháinig isteach sa mhargadh agus a d'imigh as níos airde ná meán an Aontais, rud a léiríonn cumas láidir dul in oiriúint do dheiseanna nua, ach tá moilliú suntasach le blianta beaga anuas, mar gheall, go háirithe, ar laghdú ar líon na gcuideachtaí a d'imigh. Cé nach féidir féachaint ar imeacht cuideachtaí ón margadh mar chuspóir ann féin, maidir le bearta chun an struchtúr táirgthe atá ann cheana a chosaint, níor cheart dóibh a bheith iomarcach. D'fhéadfadh breith agus fás breise cuideachtaí nua cabhrú le táirgiúlacht agus iomaíochas an gheilleagair a mhéadú.

(28) Braitheann cuideachtaí na Slóivéine ar iasachtaí bainc den chuid is mó agus is annamh a bhíonn siad in ann leas a bhaint as na margaí airgeadais le haghaidh cistiú bannaí ná cothromais. Ag deireadh 2023, bhí sciar na n-iasachtaí bainc i bhfoinsí cistiúcháin uile na gcorparáidí neamhairgeadais sa tSlóivéin cosúil le meán an Aontais, ach ní raibh sa sciar de scaireanna agus bannaí liostaithe ach aon trian de mheán an Aontais. Le níos mó caipitil seachas iasachtaí, bheadh cuideachtaí sa tSlóivéin in ann infheistíochtaí níos uaillmhianaí a dhéanamh atá dírithe ar an bhforbairt lena mbaineann riosca níos airde. Go háirithe, tá infheistíocht caipitil fiontair i gcoibhneas le OTI ar cheann de na cinn is ísle san Aontas, rud a chuireann bac ar fhás cuideachtaí nuathionscanta. Ní bhíonn infheisteoirí institiúideacha rannpháirteach a dhóthain sna margaí sin. Ach feabhas breise a chur ar na coinníollacha le haghaidh cistiú cothromais agus caipiteal fiontair, cuir i gcás trí infheistíocht i gcistí pinsean a spreagadh, agus trí choigilteas

[16] 'Dearcadh gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas', Flaistuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair (Aibreán 2024)

teaghlaigh a infheistiú trí na cuntais infheistíochta aonair, d'fhéadfaí tuilleadh caipiteal eachtrach a mhealladh agus cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha méadú.

(29) De réir Scórchlár Eorpach Nuálaíochta 2024[17], d'fhan feidhmíocht nuálaíochta na Slóivéine beagán faoi bhun mheán an Aontais in 2024 agus tháinig feabhas uirthi a bhí níos lú ná meán an Aontais idir 2017 agus 2024. Sa tSlóivéin, tá caiteachas ar thaighde poiblí, caiteachas neamhthaighde ar nuálaíocht ag cuideachtaí agus caiteachas nuálaíochta in aghaidh an fhostaí fós sách íseal. Chun a cuspóir féin a bhaint amach, is é sin a bheith ina nuálaí ceannródaíoch faoi 2030, bheadh ar an tSlóivéin dlús a chur lena hinfheistíocht T&F i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh ina straitéis TFN faoina plean téarnaimh agus athléimneachta. Ach reachtaíocht ábhartha a chur chun feidhme go hiomlán agus go tapa, d'fhéadfaí bonn maith a chur ar fáil d'infheistíocht taighde agus d'fhéadfaí cuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach.

(30) Ar bhonn shuirbhé an Choimisiúin ar mhuinín gnó[18], tá ganntanas lucht saothair á thuairisciú ag bainisteoirí gnó i dtionscal na Slóivéine mar thoisc mhór a chuireann teorainn leis an ngníomhaíocht ó bhí lár 2021 ann. Tá na rátaí folúntas gar do mheán an Aontais. Ó tharla go meastar go bhfanfaidh an margadh saothair docht, is ábhar imní é an neamhréir fhoriomlán scileanna. Ní chomhlíonann na scileanna atá ar fáil an t-éileamh sa mhargadh saothair. In 2024, bhí na rátaí folúntas i bpríomhearnálacha amhail an earnáil tionsclaíochta, an earnáil tógála agus an earnáil seirbhísí fós ard, cé gur tháinig laghdú orthu sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí deacrachtaí ag beagnach leath de na fostóirí uile oibrithe oiriúnacha a fhostú, lena n-áirítear i measc daoine ar cuireadh oideachas gairme agus iar-mheánscoile orthu , rud a bhain an bonn de tháirgiúlacht gnólachtaí agus dá gcumas nuálaíochta.

(31) Idir 2018 agus 2022, chuaigh bunscileanna i measc daoine 15 bliana d'aois in olcas, rud a chruthaíonn dúshlán d'fhorbairt scileanna amach anseo. Cé go raibh tearcghnóthachtáil gar don sprioc 15 % ar leibhéal an Aontais idir 2015 agus 2018, d'ardaigh sé go suntasach sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht idir 2018 agus 2022. Tá méadú ag teacht ar ghanntanais múinteoirí toisc gur éirigh sé deacair tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a choinneáil ar bun. In 2022, d'fhreastail thart ar 42 % de dhaltaí sa tSlóivéin ar scoileanna inar cuireadh an teagasc i mbaol mar gheall ar easpa ball foirne teagaisc.

(32) Bunaithe ar shonraí folúntas, tá gairmithe TFC, go háirithe céimithe nua TFC, gann. Is dúshlán é sin chun freastal ar riachtanais an chlaochlaithe dhigitigh san earnáil chorparáideach. Is dúshlán é an easpa scileanna digiteacha i measc an daonra fhásta ar fad, go háirithe i measc daoine dífhostaithe agus iad siúd nach bhfuil rochtain acu ar uirlisí digiteacha. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar scileanna glasa, ós rud é go bhfuil ganntanais oibrithe forleathan i roinnt mhaith gairmeacha a éilíonn scileanna speisialaithe nó saineolas atá riachtanach don aistriú glas.

(33) Cé nach bhfuil ganntanas scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair ann i measc lucht saothair, lena n-áirítear i réimsí digiteacha agus ETIM, tá laghdú tagtha ar rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach. Tá an tSlóivéin i bhfad faoi bhun na sprice uaillmhianaí atá aici ráta rannpháirtíochta 60 % a bhaint amach. Cuireann an easpa scileanna digiteacha i measc an daonra fhásta bac ar go leor daoine bogadh chuig earnálacha fostaíochta níos oilte. Bhí na dúshláin is suntasaí i measc daoine scothaosta

17 Scórchlár Eorpach Nuálaíochta - an tSlóivéin.
18 Amshraith - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

nó daoine a bhfuil cáilíochtaí ar leibhéal níos ísle acu, iad siúd a bhfuil cúlra imirceach acu, agus daoine nach bhfuil ag obair.

(34) Faoi láthair, is ionann líon na n-oibrithe a rugadh i dtíortha eile agus 15 % de lucht saothair na tíre. Ó 2019 i leith, tá méadú 48.7 % tagtha ar líon na n-oibrithe eachtrannacha. Is oibrithe ar bheagán oiliúna iad formhór na n-oibrithe sin: níl ach oideachas bunscoile ar a mhéad ag 9 as 10 díobh agus tá níos mó ná aon trian díobh ar an bpá íosta. Tá margadh saothair na Slóivéine tar éis tairbhe a bhaint as insreabhadh na n-oibrithe sin ach tá ganntanais leanúnacha ann, do na poist ardoilte freisin. In ainneoin na mbeart a rinneadh, tá riaráiste suntasach fós ann d'iarratais ar cheadúnas ó oibrithe eachtrannacha, mar gheall ar cheanglais dhlíthiúla atá ró-anásta.

(35) Cuireann ganntanais lucht saothair agus scileanna bac ar sholáthar rianúil seirbhísí, go háirithe in earnáil an chúraim agus in earnáil an teagaisc. Tá rátaí folúntas in earnáil an chúraim agus i scoileanna fós sách ard. Ó tharla go mbíonn deacrachtaí ag soláthraithe na seirbhísí sin folúntais a líonadh, tá an t-ualach oibre agus na dálaí oibre do na baill foirne atá ann cheana ag dul in olcas a thuilleadh. Chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás, tá sé ríthábhachtach an soláthar saothair a ardú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a spreagadh a thuilleadh, go háirithe i gcás oibrithe scothaosta agus oibrithe a bhfuil leibhéil níos ísle scileanna acu, oibrithe ó thíortha nach bhfuil san Aontas a mhealladh, agus lánpháirtiú oibrithe imirceacha a neartú sa margadh saothair agus sa tsochaí.

(36) Is sciar suntasach (58 %) de mheascán fuinnimh na Slóivéine iad breoslaí iontaise, a n-allmhairítear cuid mhór díobh, rud a chuireann freisin, dá bhrí sin, le praghsanna níos airde agus níos luainí. Déanann an méid sin difear don iomaíochas. Tá gá le hiarrachtaí comhchruinnithe chun dlús a chur le leathadh amach foinsí fuinnimh in-athnuaite ar fud na n-earnálacha uile, le glacadh stórála fuinnimh, agus le cur chun feidhme beart éifeachtúlachta fuinnimh.

(37) Tá nósanna imeachta ceadaithe agus riaracháin le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite ar scála na heangaí, go háirithe suiteálacha fuinnimh gaoithe, fós ina scrogall mór, mar gheall ar na nósanna imeachta casta fada comhshaoil agus bardasacha a mhaireann suas le roinnt blianta. Níor thaifead an tSlóivéin aon mhéadú ar acmhainneacht cumhachta gaoithe le 10 mbliana anuas d'ainneoin na hacmhainneachta atá ann cheana. Dá n-ainmneofaí limistéir le haghaidh tuirbín gaoithe ina bhfuil rialacha mionsonraithe maidir le pleanáil spásúil, d'fhéadfaí leas a bhaint as an acmhainneacht. Ina theannta sin, d'fhéadfadh fothú acmhainneachta i bhfoirm oiliúna agus acmhainní breise a chur ar fáil d'údaráis áitiúla cuidiú le dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh.

(38) Cuireann srianta eangaí, go háirithe ar an leibhéal dáileacháin, cosc ar sciar méadaitheach de shuiteálacha fuinnimh in-athnuaite a nascadh (diúltaítear os cionn 20 % de na hiarrataí ar leibhéal ísealvoltais), rud a chuireann béim ar an ngá atá le hathneartú. Cé gur leanadh de bhearta chun an eangach a neartú a chur chun feidhme trí RRF, lena n-áirítear faoi chaibidil REPowerEU, ní mór don tSlóivéin a hiarrachtaí a mhéadú, lena n-áirítear trí chomhpháirteanna eangaí cliste a thabhairt isteach. Cé gur leanadh de na bearta éifeachtúlachta fuinnimh, go háirithe athchóiriú foirgneamh, a chur chun feidhme tríd an gcreat maoinithe náisiúnta agus trí chistí éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear RRF, ní mór don tSlóivéin a hiarrachtaí a mhéadú, go háirithe chun spriocanna fadtéarmacha straitéise athchóirithe a bhaint amach ar mhaithe le tomhaltas fuinnimh foirgneamh a laghdú 17 % faoi 2030 i gcomparáid le 2020.

(39) Tá glacadh an iompair inbhuanaithe fós chun deiridh ar an gcuid eile den Aontas agus tá an spleáchas ar ghluaisteáin phríobháideacha fós an-ard. Tá leictriú an iompair an-íseal agus tá sciar an leictreachais i dtomhaltas deiridh fuinnimh in earnáil an iompair fós fánach ag 1,3 %. Cé gur tháinig laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar de bhóthar idir 2005 agus 2023 ar leibhéal an Aontais, tháinig méadú follasach orthu sa tSlóivéin. Tá go leor infheistíochtaí móra iarnróid agus leictrea-shoghluaisteachta ar bun faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. Mar sin féin, tá deis ann fós glacadh an iompair phoiblí a mhéadú a thuilleadh.

(40) Tá an tSlóivéin an-leochaileach i leith rioscaí a bhaineann leis an aeráid, go háirithe tuilte, agus d'fhulaing sí an iliomad teagmhas adhaimsire le blianta beaga anuas (amhail falscaithe in 2022 agus stoirmeacha gaoithe le tuilte troma in 2023). Bíonn tionchar diúltach aige sin ar gheilleagar agus ar shochaí na tíre agus is é an caillteanas eacnamaíoch in aghaidh an duine sa tSlóivéin an caillteanas is airde san Aontas. D'ainneoin iarrachtaí chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a neartú, tá dúshláin fós ann a bhaineann, go háirithe, le bearta cosanta ar thuilte agus réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun feidhme, agus rialachas comhshaoil. Ina theannta sin, tá an brú ar acmhainní uisce ag dul i méid agus tá staid an dúlra agus na n-éiceachóras ag dul in olcas i gcónaí, rud a lagaíonn athléimneacht aeráide agus uisce na Slóivéine a thuilleadh agus béim á leagan ar na bearnaí maoiniúcháin atá ann cheana i ndáil leis sin.

(41) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Slóivéine, cuidíonn moltaí (2), (3) agus (5) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (4) agus (5) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an tSlóivéin in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta a threisiú i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint as an liúntas faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta níos airde. Inbhuanaitheacht fhioscach na cosanta sóisialta a áirithiú agus ioncaim chánach a athchothromú i dtreo foinsí a bheidh níos fabhraí don fhás agus níos inbhuanaithe. Feabhas a chur ar cháilíocht an airgeadais phoiblí trí athbhreithnithe ar an gcaiteachas a chur chun feidhme.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, dlús a chur le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na

raon feidhme a chuirtear ar fáil le InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Rialáil a shimpliú, uirlisí rialála a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú, lena n-áirítear i seirbhísí áirithe agus i ngairmeacha rialáilte, chomh maith le bacainní ar thrádáil seirbhísí a laghdú. Iomaíochas a neartú trí fhuinneamh gnó agus cruthú cuideachtaí ardfháis a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar na dálaí le haghaidh infheistíocht chothromais, lena n-áirítear infheistíocht caipitil fiontair, d'infheisteoirí institiúideacha, agus d'infheistíochtaí i dtaighde, i bhforbairt agus i nuálaíocht.

4. Dlús a chur le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh agus stóráil fuinnimh trí nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe a chuíchóiriú agus a bhrostú trí limistéir a ainmniú le haghaidh suiteálacha cumhachta gaoithe agus trí dhlús a chur le fothú acmhainneachta le haghaidh ceadú ar an leibhéal áitiúil. Bonneagar na heangaí leictreachais a neartú ar an leibhéal dáileacháin agus comhpháirteanna eangaí cliste a thabhairt isteach. Ina theannta sin, dlús a chur le cur chun feidhme beart éifeachtúlachta fuinnimh, go háirithe san earnáil tógála. Leictriú na hearnála iompair a chur chun cinn agus infheistíochtaí a dhíriú ar iompar inbhuanaithe, go háirithe ar an iompar d'iarnród. Athléimneacht aeráide agus uisce a neartú a thuilleadh trí fheabhas a chur ar rialachas an chomhshaoil agus an oiriúnaithe don athrú aeráide agus trí dhlús a chur le cur chun feidhme beart spriocdhírithe maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus leis an gcomhshaol.

5. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair trí dhlús a chur le soláthar agus sealbhú scileanna agus inniúlachtaí, lena n-áirítear bunscileanna i measc daltaí, mar aon leis na scileanna atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach. Borradh a chur faoin bhfoghlaim agus faoin oiliúint ar feadh an tsaoil, go háirithe d'oibrithe ar bheagán oiliúna agus d'oibrithe scothaosta. Tarraingteacht na Slóivéine a mhéadú d'oibrithe eachtrannacha a bhfuil ardscileanna acu. Dálaí oibre a fheabhsú, go háirithe in earnálacha an chúraim agus an teagaisc.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán